C/2024/7399

12.12.2024

# CINNEADH Ó ARD-RÚNAÍ PHARLAIMINT NA HEORPA

(C/2024/7399)

ARD-RÚNAÍ PHARLAIMINT NA hEORPA,

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, arna leagan síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([1]), arna leasú, go háirithe, le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013, lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ([2]), agus go háirithe Airteagal 30 de na Rialacháin,

Ag féachaint do Chinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 13 Eanáir 2014 maidir le tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin (ÚC) agus an údaráis atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích agus do Chinneadh ó Ard-Rúnaí an 25 Meán Fómhair 2017 lena leasaítear leithdháileadh chumhachtaí an údaráis ceapacháin (ÚC) agus an údaráis atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích,

Ag féachaint don dáta éagtha, an 31 Nollaig 2024, de na liostaí d'iarrthóirí oiriúnacha seo a leanas de Pharlaimint na hEorpa: AD/2/20, AD/3/20, AST/1/20, AST/2/20, AST-SC/1/20, PE/168/S, PE/186/S, PE/226/S – 1, PE/226/S – 2, PE/226/S – 3, PE/226/S – 4, PE/227/S, PE/228/S, PE/229/S – 1, PE/229/S – 2, PE/229/S – 3, PE/232/S, PE/255/S agus na ADDENDUM, PE/257/S, P/2020/AD9 (P), P/2020/AD10 (P), P/2020/AST/6 (P) agus P/2020/AST/7 (P),

Ag féachaint d'ídiú an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha seo a leanas de Pharlaimint na hEorpa: AD/1/21,

Ag féachaint don tuairim ón gComhchoiste arna heisiúint ag a chruinniú an 16 Deireadh Fómhair 2024,

TAR ÉIS A CHINNEADH:

*Airteagal 1*

Maidir le tréimhse bhailíochta na liostaí d'iarrthóirí oiriúnacha seo a leanas: AD/2/20, AST/2/20, AST-SC/1/20, PE/226/S - 1, PE/226/S - 2, PE/226/S - 3, PE/226/S - 4, PE/228/S, PE/229/S - 1, PE/229/S - 2, PE/229/S - 3, PE/232/S, PE/257/S, P/2020/AD9 (P), P/2020/AD10 (P), P/2020/AST/6 (P) agus P/2020/AST/7 (P) déantar í a fhadú go dtí an 31 Nollaig 2025.

*Airteagal 2*

Maidir le tréimhse bhailíochta na liostaí d'iarrthóirí oiriúnacha seo a leanas: AD/3/20, AST/1/20, PE/168/S, PE/186/S, PE/227/S, PE/255/S agus an t-aguisín a ghabhann leis; ní dhéantar í a fhadú.

An Bhruiséil, an 19 Samhain 2024.

*An tArd-Rúnaí*
Alessandro CHIOCCHETTI

([1]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259(1)/oj.
([2]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1023/oj.